CÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA

GA

# Tuairim 01/2024

(de bhun Airteagal 322(1), CFAE)

## i ndáil leis an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Saoráid Athchóirithe agus Fáis le haghaidh na mBalcán Thiar a bhunú [Comhad Idirinstitiúideach 2023/0397(COD) an 8 Samhain 2023]

# Clár


| | Alt |
|---|---|
| **Réamhrá** | 01-09 |
| **Comhthéacs** | 01-03 |
| **Scóip agus teorainneacha na tuairime seo** | 04-09 |
| Scóip | 04-07 |
| Teorainneacha | 08-09 |
| **Tráchtanna sonracha** | 10-56 |
| **Meabhrán míniúcháin** | 10-11 |
| Measúnú ar riachtanais thíortha na mBalcán Thiar | 10-11 |
| **Caibidil I – Forálacha ginearálta** | 12-19 |
| Cuspóirí na saoráide | 12-14 |
| Réamhchoinníollacha maidir le tacaíocht | 15-19 |
| **Caibidil II – Maoiniú agus cur chun feidhme** | 20-29 |
| Méadú ar bhuiséad an Aontais | 22-23 |
| Leithdháileadh na gcistí | 24-28 |
| Maoluithe ar an Rialachán Airgeadais agus ar Rialachán ICFCI | 29 |
| **Caibidil III – Cláir Oibre Athchóiriúcháin** | 30-45 |
| Cláir Oibre Athchóiriúcháin le tíolacadh ag tíortha na mBalcán Thiar | 30-36 |
| Réamh-mhaoiniú | 37 |
| Iasachtaí ar ardleibhéal lamháltais | 38-42 |
| Creat Infheistíochta na mBalcán Thiar | 43-45 |
| **Caibidil IV – Cosaint leasanna airgeadais an Aontais** | 46-52 |
| Cearta iniúchóireachta na Cúirte Iniúchóirí | 46-49 |
| Córais rialaithe inmheánaigh náisiúnta agus Údaráis Iniúchóireachta Náisiúnta | 50-52 |
| **Caibidil V – Faireachán, tuairisciú agus meastóireacht** | 53 |
| **Caibidil VI – Forálacha críochnaitheacha** | 54 |
| **Ráiteas Airgeadais Reachtach** | 55-56 |

**Focal scoir** 57-60

## Iarscríbhinní

Iarscríbhinn I – Tuarascálacha agus Tuairimí CIE roimhe seo a cuireadh san áireamh don tuairim seo

Iarscríbhinn II – Comparáid idir cuspóirí an togra agus Rialachán IPA III

Iarscríbhinn III – Comhaontuithe atá le tabhairt i gcrích tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin lena mbunaítear Saoráid Athchóirithe agus Fáis le haghaidh na mBalcán Thiar

Iarscríbhinn IV – Maoluithe ar an Rialachán Airgeadais agus Rialachán ICFCI

Iarscríbhinn V – Forléargas ar ullmhacht thíortha na mBalcán Thiar i réimse an rialaithe airgeadais

# Réamhrá

## Comhthéacs

**01** Ó thús na 2000í i leith, tá sé mar aidhm ag sé thír sna Balcáin Thiar – an Albáin, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, an Chosaiv[1], Montainéagró, an Mhacadóin Thuaidh agus an tSeirbia – a bheith ina mBallstáit den Aontas Eorpach. Ceann de na ceanglais le haghaidh aontachais leis an Aontas ná geilleagar margaidh feidhmiúil. Meastar le blianta anuas, áfach, nach bhfuil cóineasú eacnamaíocht na mBalcán Thiar leis an Aontas leordhóthanach[2]. Mar chuid den phróiseas méadaithe, tá an tAontas ag tabhairt tacaíocht airgeadais d'fhorbairt shocheacnamaíoch na dtíortha sna Balcáin Thiar. Tugtar an tacaíocht sin sa bhreis ar chineálacha eile cabhrach, lena gcuirtear chun cinn athchóirithe riachtanacha a bhaineann le luachanna an Aontais agus ailíniú le *acquis* reachtach an Aontais. I gCreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) 2021-2027, tá an tAontas ag cur €14 bhilliún ar fáil do thíortha réamhaontachais (lena n-áirítear an Tuirc) faoin Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (IPA III).

**02** Ar an 8 Samhain 2023, mhol an Coimisiún Eorpach go mbunófaí **Saoráid Athchóirithe agus Fáis le haghaidh na mBalcán Thiar** (an togra)[3] mar chuid de phlean fáis nua don réigiún[4]. Leis an tsaoráid sin, chuirfí **suas go dtí €6 bhilliún** breise i dtacaíocht ar fáil do shé thír na mBalcán Thiar idir 2024 agus 2027. Cuireann an plean fáis nua le tosaíochtaí eacnamaíocha ata leagtha síos sa Phlean Eacnamaíoch agus Infheistíochta a cuireadh i láthair in 2020, agus tugann sé tuilleadh spreagadh ina leith[5].

---

1 Ní dochar an t-ainmniú seo (a úsáidtear síos tríd an tuairim) do sheasaimh ar stádas, agus tá sé i gcomhréir le Rún 1244/1999 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus le tuairim na Cúirte Breithiúnais Idirnáisiúnta maidir le dearbhú neamhspleáchais na Cosaive.

2 COM(2023) 690, Teachtaireacht 2023 maidir le Beartas an Aontais um Méadú, 8.11.2023, lch. 11.

3 COM(2023) 692, Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Saoráid Athchóirithe agus Fáis le haghaidh na mBalcán Thiar a bhunú, 8.11.2023.

4 COM(2023) 691, Plean nua fáis do na Balcáin Thiar, 8.11.2023.

5 COM(2020) 641, Plean Eacnamaíoch agus Infheistíochta le haghaidh na mBalcán Thiar, 6.10.2020.

**03** Is é is cuspóir don tsaoráid atá beartaithe ná ‘dlús a chur leis an gcomhtháthú eacnamaíoch réigiúnach, le comhtháthú comhleanúnach le margadh aonair an Aontais, le cóineasú socheacnamaíoch gheilleagair na mBalcán Thiar agus le hailíniú le dlíthe, rialacha, caighdeáin, beartais agus cleachtais an Aontais d’fhonn ballraíocht a bhaint amach san Aontas’[6]. Táthar ag súil go dtiocfaidh an tsaoráid i bhfeidhm in 2024, faoi réir thoradh an nós imeachta reachtaigh.

## Scóip agus teorainneacha na tuairime seo

### Scóip

**04** D’fhoilsigh an Coimisiún an togra maidir le Saoráid Athchóirithe agus Fáis le haghaidh na mBalcán Thiar a bhunú ar an 8 Samhain 2023. Is iad Airteagail 212 agus 322(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh an bunús dlí don togra, rud a chiallaíonn nach mór dul i gcomhairle le Cúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE) mar chuid den phróiseas reachtach. Chuir an Chomhairle isteach iarraidh fhoirmiúil ar thuairim ón gCúirt Iniúchóirí ar an 20 Nollaig 2023 agus d’iarr sé ar an gCúirt tuairim a thíolacadh faoin 9 Feabhra 2024 ar a dhéanaí. Thíolaic Parlaimint na hEorpa iarraidh fhoirmiúil ar thuairim ar an 25 Eanáir 2024. Leis an tuairim seo, comhlíontar an ceanglas comhairliúcháin.

**05** I Meitheamh 2023, d’eisigh an Coimisiún teachtaireacht maidir leis an athbhreithniú meántéarma ar chreat airgeadais ilbhliantúil 2021-2027[7] in éineacht le togra chun Rialachán CAI a leasú[8]. Sa togra sin, i measc nithe eile, moladh go méadófaí an cistiú atá ar fáil faoi Cheannteideal 6 de CAI – ‘An chomharsanacht agus an domhan’. Tagraímid do na doiciméid sin ón gCoimisiún i gcás ina measaimid é sin a bheith iomchuí.

**06** Tá an tuairim seo bunaithe ar athbhreithniú ar an togra reachtach maidir leis an tSaoráid Athchóirithe agus Fáis le haghaigh na mBalcán Thiar a bhunú agus ar na doiciméid ghaolmhara, amhail an meabhrán míniúcháin agus an ráiteas airgeadais reachtach. Chuamar i gcomhairle leis an Ard-Stiúrthóireacht um Beartas

---

[6] Aithris 9 den togra.

[7] COM(2023) 336, Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an athbhreithniú meántéarma ar Chreat Airgeadais Ilbhliantúil 2021-2027, 20.6.2023.

[8] COM(2023) 337, Togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle lena leasaítear an creat airgeadais ilbhliantúil, 20.6.2023.

Comharsanachta agus Caibidlíocht maidir le Méadú (AS NEAR) agus Ard-Stiúrthóireacht an Bhuiséid (AS BUDG) sa Choimisiún. Rinneamar ár n-athbhreithniú a chomhlánú trí anailís a dhéanamh ar pháipéir taighde ó fhoinsí amhail Seirbhís Taighde Pharlaimint na hEorpa. Sa tuairim seo, cuirtear san áireamh sraith tuarascálacha speisialta ón gCúirt roimhe seo maidir le próiseas méadaithe an Aontais agus maidir le cúnamh airgeadais do thríú tíortha (féach ***Iarscríbhinn I***).

**07** Tugann an tuairim le fios cén bharúil atá againn faoin togra reachtach agus cuireann sé leis an nós imeachta reachtach trí mholtaí a dhéanamh maidir leis an gcaoi le codanna ar leith den togra a shoiléiriú agus é mar aidhm leis sin bainistiú airgeadais chistí an Aontais a fheabhsú[9].

## Teorainneacha

**08** Mhol an Coimisiún go mbunófaí an tSaoráid Athchóirithe agus Fáis le haghaidh na mBalcán Thiar gan measúnú tionchar a bheith ullmhaithe aige, agus luaitear ina mheabhrán míniúcháin nach ndearnadh é sin mar gheall ar 'phráinn pholaitiúil an togra'[10]. Chuir sé sin teorainn lenár gcumas tuairim lánfheasach a eisiúint.

**09** Bheartaigh an Coimisiún doiciméad anailíseach a fhoilsiú 'ina léirítear an fhianaise atá taobh thiar den togra' laistigh de thrí mhí ó ghlacadh an tionscnaimh[11], i.e. faoin 8 Feabhra 2024. Nuair a ghlac an Chúirt Iniúchóirí an tuairim seo ar an 30 Eanáir 2024, áfach, ní raibh an doiciméad foilsithe ag an gCoimisiún go fóill. Mar sin, ní rabhamar in ann é chur san áireamh inár dtuairim.

---

[9] Tuairimí sa Treoirleabhar maidir lenár modheolaíocht, lch. 29-30.

[10] Meabhrán míniúcháin sa togra, lch. 6.

[11] Ibid, lch. 6.

# Tráchtanna sonracha

## Meabhrán míniúcháin

### Measúnú ar riachtanais thíortha na mBalcán Thiar

**10** Thíolaic an Coimisiún an togra chun an tsaoráid a chur ar bun in éineacht le teachtaireacht maidir le plean fáis nua le haghaidh na mBalcán Thiar. Sa teachtaireacht sin, leag an Coimisiún béim ar an bhfíoras gur measadh nach raibh cóineasú eacnamaíoch thíortha na mBalcán Thiar leis an Aontas 'sásúil'[12], cé go luaigh sé in áiteanna eile go raibh sé 'neamhleor'[13]. Tá a OTI *per capita* sa réimse idir 30 % agus 50 % de mheán an Aontais. An aidhm atá leis an bplean fáis nua ná 'dlús nach beag a chur le luas phróiseas an mhéadaithe agus le fás [gheilleagair thíortha na mBalcán Thiar]'[14]. Tá ceithre cholún ann:

(1) comhtháthú eacnamaíoch le margadh aonair an Aontais a fheabhsú;

(2) borradh a chur faoi chomhtháthú eacnamaíoch sna Balcáin Thiar tríd an gCómhargadh Réigiúnach, tionscnamh eacnamaíoch a chomhaontaigh sé thír na mBalcán Thiar in 2020;

(3) dlús a chur le hathchóirithe bunúsacha;

(4) cúnamh airgeadais a mhéadú trí Shaoráid Athchóirithe agus Fáis le haghaidh na mBalcán Thiar.

**11** Cuireann an plean fáis nua le tosaíochtaí eacnamaíocha atá leagtha síos sa Phlean Eacnamaíoch agus Infheistíochta a cuireadh i láthair in 2020, agus tugann sé tuilleadh spreagadh ina leith[15]. Measann an Coimisiún go bhfeidhmeoidh an tsaoráid mar 'chuid lárnach' den phlean[16]. An teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an bplean fáis, tugann sé míniú ar an ngá atá leis chun cóineasú gheilleagair na mBalcán Thiar leis an Aontas a fheabhsú. Leagann sé béim freisin ar roinnt tairbhí a bheadh ag na bearta

[12] COM(2023) 691, Plean nua fáis do na Balcáin Thiar, lch. 1.

[13] Meabhrán míniúcháin sa togra, lch. 1.

[14] COM(2023) 691, Plean nua fáis do na Balcáin Thiar, lch. 1.

[15] COM(2020) 641, Plean Eacnamaíoch agus Infheistíochta le haghaidh na mBalcán Thiar.

[16] Meabhrán míniúcháin sa togra, lch. 1.

faoin bplean fáis agus ag an tsaoráid atá beartaithe don réigiún. In éagmais measúnú tionchair nó doiciméad anailíseach (féach míreanna ***08*** agus ***09***), áfach, ní rabhamar in ann measúnú a dhéanamh ar a mhéid is dócha go rannchuideoidh an €6 bhilliún i dtacaíocht ón tsaoráid le príomhchuspóirí na saoráide – arb iad sin dlús a chur le comhtháthú agus cóineasú eacnamaíoch thíortha na mBalcán Thiar leis an Aontas – a bhaint amach.

## Caibidil I – Forálacha ginearálta

### Cuspóirí na saoráide

**12** Is iad seo a leanas na cuspóirí ginearálta atá in Airteagal 3(1):

(a) dlús a chur le comhtháthú eacnamaíoch réigiúnach agus le comhtháthú forásach le margadh aonair an Aontais;

(b) dlús a chur le cóineasú socheacnamaíoch gheilleagair na dtairbhithe leis an Aontas;

(c) dlús a chur le hailíniú le luachanna, dlíthe, rialacha, caighdeáin, beartais agus cleachtais an Aontais d’fhonn ballraíocht a ghlacadh san Aontas.

**13** Tá na cuspóirí sonracha in Airteagal 3(2) ag freagairt, a bheag nó a mhór, le roinnt mhaith díobh sin a shainítear faoi IPA III[17]. Léiríonn an comparáid idir na cuspóirí a thugtar in ***Iarscríbhinn II*** freisin go gcuirtear béim níos mó ar athchóirithe eacnamaíocha thíortha na mBalcán Thiar, ar chomhtháthú réigiúnach agus ar chomhtháthú de réir a chéile (i.e. ‘comhtháthú forásach’ sa togra) isteach i margadh aonair an Aontais[18].

**14** Leis an togra chun an tsaoráid a bhunú, tá go leor gnéithe tábhachtacha atá le sainiú fós mar chuid de chomhaontaithe iardain – i.e. an Comhaontú Saoráide, na Cláir Oibre Athchóiriúcháin, agus chomhaontuithe iasachta – nach dtabharfar i gcrích go dtí go dtagann an Rialachán i bhfeidhm. Mar shampla, is i gCláir Oibre Athchóiriúcháin – atá le tarraingt suas ag rialtais thíortha na mBalcán Thiar (féach míreanna ***30***-***36***), agus iontu sin amháin, a leagfar amach bearta mionsonraithe maidir le conas na

[17] Rialachán (AE) 2021/1529 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais, 15.9.2021.

[18] Mar a shainítear in Airteagal 3(2)(a), (b), (c) agus (d).

sainchuspóirí thuasluaite a chur chun feidhme[19]. Tá achoimre in ***Iarscríbhinn III*** ar na comhaontaithe éagsúla atá le cur ar bun.

### Réamhchoinníollacha maidir le tacaíocht

**15** In Airteagal 5 sainítear dhá thacar de réamhchoinníollacha nach mór do na tíortha a chomhlíonadh chun bheith incháilithe do chistí:

(a) ní mór do thíortha na mBalcán Thiar ‘leanúint de shásraí daonlathacha éifeachtacha a chaomhnú agus a urramú, lena n-áirítear córas parlaimintach ilpháirtí, agus an smacht reachta, agus urraim do na hoibleagáidí uile maidir le cearta an duine a ráthú, lena n-áirítear cearta daoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad’; agus

(b) ní mór go nglacfaidh an tSeirbia agus an Chosaiv ‘páirt chuiditheach i normalú a gcaidrimh’.

**16** Baineann an chéad réamhchoinníoll le dul chun gcinn na dtíortha ó thaobh ‘bunphrionsabail’ phróiseas an mhéadaithe[20]. Comhfhreagraíonn an fhoráil sin le forálacha comhchosúla d’ionstraimí gníomhaíochta seachtraí eile. Is critéar incháilitheachta é sin do na tíortha in tairbhithe chun cistí a fháil faoin tsaoráid. Measann an Coimisiún go bhfuil tíortha na mBalcán Thiar ag comhlíonadh na bprionsabal ginearálta sin.

**17** Déanann an Coimisiún faireachán ar an dul chun cinn i dtreo na ‘mbunphrionsabal’ sin agus sa teachtaireacht is déanaí uathu maidir le méadú an Aontais thug sé ar aire i gcás roinnt de thíortha an mhéadaithe go raibh ‘roinnt dul chun cinn maidir le cearta bunúsacha’ déanta. Chuir sé in iúl freisin gur ‘lean roinnt treochtaí diúltacha ar aghaidh agus [go bhfuil] foréigean inscnebhunaithe fós forleathan, agus [gur] lean leasanna polaitiúla agus eacnamaíocha de bhac a chur ar shaoirse na meán, rud a lagaíonn an smacht ar údaráis phoiblí, a chruthaíonn spás don trasnaíocht eachtrach agus a dhéanann dochar don chumarsáid faoin Aontas’[21]. Ina theannta sin, léiríonn na tuarascálacha is déanaí maidir le méadú do thíortha na mBalcán Thiar[22] go raibh éagsúlachtaí ann sa réimse dar teideal ‘Breithiúna agus cearta

---

[19] Airteagal 11(2) agus Airteagal 13(1) den togra.

[20] Mar a shainítear in Airteagal 3(2)(i).

[21] COM(2023) 690, Teachtaireacht 2023 maidir le Beartas an Aontais um Méadú, lch. 9.

[22] Preasráiteas ón gCoimisiún maidir le Pacáiste um Méadú 2023.

bunúsacha' idir 'leibhéal áirithe ullmhúcháin' agus 'réasúnta ullmhaithe' maidir le *acquis* reachtach an Aontais sa réimse sin.

**18** An dara réamhchoinníoll atá ann ná rannpháirtíocht d'fhonn an Comhaontú maidir leis an gconair i dtreo an normalaithe idir an Chosaiv agus an tSeirbia (Feabhra 2023) agus an iarscríbhinn cur chun feidhme a ghabhann leis a chur chun feidhme go hiomlán. Luaigh an Chomhairle le déanaí, áfach, gur 'oth léi an easpa cur chun feidhme ag an dá pháirtí maidir leis an gComhaontú sin'[23] chomh maith le gealltanais eile roimhe sin a luaitear in Airteagal 5(1) den togra. Léiríonn sé sin ceann de na dúshlán atá amach romhainn i dtaca leis an tsaoráid.

**19** Tá sé tábhachtach go leanfaidh an Coimisiún d'fhaireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh an dá réamhchoinníoll sin mar chuid de na tuarascálacha bliantúla maidir le méadú, mar atá beartaithe in Airteagal 5(2) den togra. Má sháraíonn tír na coinníollacha, féadfaidh an Coimisiún a chinneadh cistí a choinneáil siar. Mar sin féin, chun soiléiriú a thabhairt ar an bhforáil sin, ba cheart **don Choimisiún agus do na reachtóirí smaoineamh** ar an bhfoclaíocht seo a leanas a úsáid san abairt dheireanach d'Airteagal 5(2): 'Féadfaidh an Coimisiún cinneadh a ghlacadh lena gcinnfear nach bhfuil cuid de na réamhchoinníollacha sin á comhlíonadh, agus ~~go háirithe,~~**sna cásanna sin, ba cheart dó** forscaoileadh na gcistí [...] a choinneáil siar'.

## Caibidil II – Maoiniú agus cur chun feidhme

**20** Is é €6 bhilliún le haghaidh thréimhse 2024-2027 an leibhéal uasta acmhainní a shamhlaítear don tsaoráid. Déanfar an tsaoráid a mhaoiniú ar an gcaoi seo a leanas:

(a) €2 bhilliún i dtacaíocht neamh-inaisíoctha (deontais, soláthairtí lena gclúdaítear na hiasachtaí, agus tacaíocht riaracháin) faoi Cheannteideal 6 de CAI – 'An chomharsanacht agus an domhan' mar chuid den athbhreithniú ar CAI 2021 2027[24]; agus

(b) €4 bhilliún i bhfoirm iasachtaí ar ardleibhéal lamháltais, maoinithe trí oibríochtaí iasachtaíochta ar na margaí airgeadais (féach míreanna ***38***-***42***).

[23] Conclúidí ón gComhairle maidir le Méadú, tag. 16707/23, 12.12.2023, pointe 37.

[24] COM(2023) 337, Togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle lena leasaítear an creat airgeadais ilbhliantúil, Airteagal 1(5) agus Iarscríbhinn I.

**21** I bhfianaise go bhfuil breis agus €14 bhilliún curtha ar fáil ag an Aontas do thíortha réamhaontachais faoi IPA III (lena n-áirítear tacaíocht don Tuirc) don CAI reatha, is méadú suntasach atá sna suimeanna a chuirfear ar fáil tríd an tsaoráid ar an gcistiú atá beartaithe le haghaidh thíortha na mBalcán Thiar. Is méadú measta níos mó ná 40 % é sin ar an tacaíocht atá curtha ar fáil thar thréimhse maoinithe 2021-2027.

## Méadú ar bhuiséad an Aontais

**22** Chun an €2 bhilliún i dtacaíocht neamh-inaisíoctha faoin tsaoráid a mhaoiniú, mhol an Coimisiún méadú ar Cheannteideal 6 de CAI. Tá an méadú sin mar chuid d'athbhreithniú meántéarma ar CAI, agus bheadh méadú €10.5 billiún (ag praghsanna reatha) ar an uasteorainn le haghaidh Cheannteideal 6 de CAI[25].

**23** In ionad an cistiú faoin ionstraim reatha (i.e. IPA III) a mhéadú, chinn an Coimisiún saoráid ar leithligh a chruthú. Mhaígh an Coimisiún go raibh údar maith leis an gcinneadh sin trí bhéim a leagan ar na héagsúlachtaí le IPA III, amhail ionstraim fheidhmíochtbhunaithe a úsáid, lena n-áirítear coinníollacht *ex ante* a úsáid chun rochtain ar chistiú a chinneadh, agus dhá thrian den tsaoráid a úsáid d'iasachtaí. Cuir an Coimisiún béim freisin ar an bhfíoras nach féidir cistí a ath-imlonnú faoi IPA III[26].


## Leithdháileadh na gcistí

**24** Forálann Airteagal 6 d'athleithdháileadh cistí, agus é deighilte ar an iomlán mar seo a leanas: dhá thrian d'iasachtaí agus aon trian amháin do thacaíocht neamh-inaisíoctha (lena gcuimsítear deontais, soláthairtí lena rathaítear na hiasachtaí agus cineálacha eile tacaíochta, agus tacaíocht riaracháin) (féach ***Fíor 1***).

[25] Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an Athbhreithniú meántéarma ar CAI 2021-2027, lch. 6.

[26] Pointe 1.5.5 den ráiteas airgeadais reachtach.

## Fíor 1 – Buiséad don tSaoráid




*Foinse:* CIE, bunaithe ar an togra reachtach maidir leis an tSaoráid Athchóirithe agus Fáis le haghaidh na mBalcán Thiar a bhunú

**25** Tá ar a laghad 50 % den €6 bhilliún iomlán atá beartaithe le cur ar fáil trí Chreat Infheistíochta na mBalcán Thiar (WBIF)[27]. Is ardán infheistíochta tiomnaithe é WBIF atá comhdhéanta den Choimisiún, institiúidí airgeadais idirnáisiúnta, bainc forbartha dhéthaobhacha de chuid Bhallstáit an Aontais, agus deontóirí déthaobhacha (féach míreanna ***43***-***45***).

**26** I gcomhréir le hAirteagal 6(4) den togra, shocródh an Coimisiún na méideanna atá ar fáil do gach tír is tairbhí trí úsáid a bhaint as foirmle achomair atá leagtha síos in iarscríbhinn a ghabhann leis an togra, lena dtugtar le chéile méid dhaonra na tíre is taibhrí agus a OTI per capita[28]. Soláthrófaí an tacaíocht faoin tsaoráid do na tíortha is tairbhí i bhfoirm ‘maoiniú nach bhfuil nasctha le costas’ mar atá leagtha síos in Airteagal 125(1)(a) den Rialachán Airgeadais.

**27** Ní thiocfaidh an tsaoráid in ionad tacaíocht a chuirtear ar fáil do thíortha na mBalcán Thiar faoi IPA III. A mhalairt ar fad, tá an tsaoráid ceaptha bheith ina chomhlánú ar fhoirmeacha eile de thacaíocht ón Aontas – amhail cláir IPA

[27] Airteagal 6(5) den togra.

[28] Iarscríbhinn a ghabhann le COM(2023) 692, Togra le haghaidh Rialachán lena mbunaítear Saoráid Athchóirithe agus Fáis le haghaidh na mBalcán Thiar.

déthaobhacha agus réigiúnacha, chomh maith le cláir thrasteorann a chómhaoinítear trí Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa[29]. I bhfianaise go bhfuil roinnt cuspóirí den tsaoráid atá beartaithe comhchosúil leo sin faoi IPA III (féach mír ***13*** agus ***Iarscríbhinn II***), áfach, tá sé riachtanach go dtabharfaidh an Coimisiún aird ar leith ar chomhordú an chúnaimh, de réir mar atá leagtha amach in Airteagal 4(3) den togra.

**28** Mar réamhchoinníoll chun na cistí a fhorscaoileadh, ceanglaítear le hAirteagal 9(3) den togra go dtabharfaidh an Coimisiún agus gach tír sna Balcáin Thiar Comhaontuithe Saoráide agus comhaontaithe deontais chun críche. Beidh na comhaontuithe sin ceangailteach ó thaobh an dlí de agus leagfar amach iontu oibleagáidí mionsonraithe do na tíortha is tairbhithe. Le hAirteagal 9(4), déantar oibleagáid a fhorchuir chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint trí na comhaontuithe sin. Le hAirteagal 9(5)(g), rialaítear rochtain ar shonraí agus doiciméadacht faoin gComhaontú Saoráide. Bheadh an fhoráil sin níos soiléire, áfach, dá luafaí Cúirt Iniúchóirí na hEorpa in éineacht leis an gCoimisiún agus leis an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) (féach mír ***47***).

### Maoluithe ar an Rialachán Airgeadais agus ar Rialachán ICFCI

**29** Tá seacht maolú sa togra iomlán ar an Rialachán Airgeadais agus maolú amháin ar an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta – An Eoraip Dhomhanda (Rialachán ICFCI). Tugann formhór na maoluithe an tsolúbthacht is gá don tsaoráid chun cistí nár caitheadh i mbliain eile a úsáid agus tugann siad an fhéidearthacht don tsaoráid sciar de na hiasachtaí a chur ar fáil trí WBIF. Tá liosta de na maoluithe in ***Iarscríbhinn IV***.

## Caibidil III – Cláir Oibre Athchóiriúcháin

### Cláir Oibre Athchóiriúcháin le tíolacadh ag tíortha na mBalcán Thiar

**30** Chun cistiú a fháil, ní mór do rialtais na mBalcán Thiar Cláir Oibre Athchóiriúcháin a tharraingt suas ina leagtar amach ‘na príomhbhearta atá beartaithe ag gach Tairbhí a dhéanamh le linn na tréimhse 2024-2027 chun dlús a chur le cóineasú socheacnamaíoch agus le cóineasú leis an Aontas’[30]. Ba cheart go mbeadh an Clár

[29] Rialachán (AE) 2021/1059 maidir le forálacha sonracha le haghaidh sprioc an chomhair chríochaigh Eorpaigh (Interreg) a fhaigheann tacaíocht ó CFRE agus ionstraimí maoinithe sheachtraigh.

[30] Meabhrán míniúcháin sa togra, lch. 2.

Oibre Athchóiriúcháin ‘ina chreat uileghabhálach chun cuspóirí na Saoráide seo a bhaint amach’[31].

**31** Ní mór go mbeadh coinníollacha íocaíochta sna Cláir Oibre Athchóiriúcháin a bhaineann leis na hathchóirithe a bheartaítear[32]. Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar na Cláir Oibre Athchóiriúcháin agus déanfaidh sé iad a fhormheas trí chinneadh cur chun feidhme ón gCoimisiún[33]. Leis an nós imeachta sin chun Cláir Oibre Athchóiriúcháin a chruthú, is cinnte go ndéantar úinéireacht na dtíortha a fheabhsú. Mar sin féin, fágann sé go bhfuil solúbthacht as cuimse ann do rialtais na mBalcán Thiar na coinníollacha don eisíocaíocht a dhearadh. I gcleachtas, is cuid de phróiseas comhairliúcháin leis an gCoimisiún iad na Cláir Oibre Athchóiriúcháin sula ndéanann na tíortha is tairbhithe iad a thíolacadh. Tá sé tábhachtach a thabhairt ar aire, áfach, nach dtugann an togra cead sainráite don Choimisiún a iarraidh go ndéanfaidh na rialtais athbhreithniú ar na dréachtanna de na Cláir Oibre Athchóiriúcháin agus/nó iad a mhodhnú. I bhfianaise na rioscaí a bhfuil tuairisc anseo thíos orthu, **ba cheart don Choimisiún agus do na reachtóirí smaoineamh** ar Airteagal 14 a leasú ionas go bhféadfaidh an Coimisiún, ní hamháin *barúlacha a thabhairt* maidir leis na dréacht-Chláir Oibre, ach freisin go bhféadfaidh siad a cheangal ar rialtais na mBalcán Thiar *athbhreithniú a dhéanamh orthu agus/nó iad a mhodhnú* dá réir sin. Bheadh athbhreithniú den chineál siad ailínithe leis an bpróiseas formheasta do na cláir thrasteorann a bhfuil tíortha na mBalcán Thiar rannpháirteach iontu[34].

**32** Tá riosca ann nach mbeidh na coinníollacha don eisíocaíocht atá socraithe sna Cláir Oibre Athchóiriúcháin uaillmhianach go leor agus nach mbeidh na táscairí foluiteacha soiléir agus intomhaiste go leor. In 2022, thángthas ar an gconclúid inár dtuarascáil speisialta maidir leis an smacht reachta[35] go raibh tionchar teoranta ar an iomlán ag gníomhaíocht an Aontais maidir le hathchóirithe bunúsacha sa smacht reachta a chur chun cinn, ar réamhchoinníoll riachtanach é i bpróiseas méadaithe an Aontais. Mholamar go ndéanfadh an Coimisiún spriocanna straitéiseacha a leagan síos do gach tír is iarrthóir trí tháscairí tionchair deiridh, agus na garspriocanna gaolmhara a

---

[31] Aithris 24 den togra.

[32] Airteagal 12(1) den togra.

[33] Airteagail 14 agus 15 den togra.

[34] Airteagal 18(3) agus (4) de Rialachán (AE) 2021/1059 maidir le forálacha sonracha le haghaidh sprioc an chomhair chríochaigh Eorpaigh (Rialachán Interreg) a fhaigheann tacaíocht ó CFRE agus ionstraimí maoinithe sheachtraigh.

[35] Tuarascáil speisialta 01/2022: ‘Tacaíocht AE don smacht reachta sna Balcáin Thiar – Tá fadhbanna bunúsacha fós ann in ainneoin iarrachtaí atá déanta’.

bhaineann le hathchóirithe bunúsacha, a bhunú[36]. Ar an gcúis sin, ba cheart don Choimisiún a bheith in ann a cheangal ar na tíortha athbhreithniú nó modhnú a dhéanamh ar na réamhchoinníollacha don eisíocaíocht agus, i gcás ina bhfuil sé ábhartha, táscairí den chineál sin a áireamh sna Cláir Oibre Athchóiriúcháin.

**33** Barúil eile a tháinig ónár dtuarascálacha speisialta roimhe seo ná go raibh sé deacair athchóirithe a dhéanamh inbhuanaithe, go háirithe i bhfianaise chumas riaracháin lag thíortha na mBalcán Thiar[37]. Ní léir ón togra conas ba mhian leis an gCoimisiún a áirithiú go ndéanfar an riosca sin d'inbhuanaitheacht a mhaolú. Glactar leis sa togra 'nár aisiompaíodh' bearta a comhlíonadh go sásúil roimhe sin[38]. I gcás athchóirithe bunúsacha, tá ábharthacht mhéadaithe ag baint le hinbhuanaitheacht ós rud é gur réamhchoinníoll í freisin chun tacaíocht a dheonú faoin tsaoráid, i gcomhréir le hAirteagal 5(1) den togra (féach míreanna ***15-19***).

**34** Tá sé i gceist leis na híocaíochtaí atá le tíolacadh ag na tíortha is tairbhithe dhá uair in aghaidh na bliana a chur ar chumas an Choimisiúin a sheiceáil go bhfuil na coinníollacha ábhartha comhlíonta sula n-íocann sé amach na cistí. Má mheasann an Coimisiún nach bhfuil an dul chun cinn maidir le hathchóirithe sásúil, féadfaidh sé na suimeanna comhfhreagracha a choinneáil siar go dtí go bhfuil na coinníollacha ábhartha comhlíonta ag an tír is tairbhí[39]. Thar aon ní eile, i gcás nach bhfuil na bearta is gá déanta ag tír is tairbhí laistigh de 12 mhí ón measúnú diúltach tosaigh (nó laistigh de 24 mhí i rith na céad bliana den chur chun feidhme), laghdóidh an Coimisiún an tacaíocht fhoriomlán i gcomhréir leis an gcuid atá comhfhreagrach leis na coinníollacha íocaíochta ábhartha (lena n-áirítear an cion atá le cur ar fáil trí WBIF)[40].

**35** Is díol sásaimh dúinn go bhfuil an Coimisiún tar éis an úsáid a bhaineann sé as coinníollacht le haghaidh cistiú tríd an tsaoráid a mhéadú. Tá an cur chuige nua seo ag comhfhreagairt dár moladh roimhe seo go neartódh an Coimisiún an sásra chun athchóirithe a chur chun cinn sa phróiseas méadaithe[41]. De réir an togra, mura

---

[36] Tuarascáil speisialta 01/2022, Moladh 1 – An sásra chun athchóirithe ar an smacht reachta a chur chun cinn a neartú i bpróiseas an mhéadaithe.

[37] Tuarascáil speisialta 01/2022, mír 32; agus Tuarascáil speisialta 21/2016 maidir le cúnamh réamhaontachais ón Aontas chun acmhainneacht riaracháin a neartú sna Balcáin Thiar.

[38] Airteagal 21(2) den togra.

[39] Airteagal 21(4) den togra.

[40] Airteagal 21(5) den togra.

[41] Tuarascáil speisialta 01/2022, Moladh 3 – An úsáid a bhaintear as coinníollacht in IPA III a threisiú.

gcomhlíonann tír na coinníollacha don íocaíocht, is féidir leis an gCoimisiún cuid den chistiú, nó an cistiú ar fad a athdháileadh ar thíortha is tairbhithe eile[42]. Cruthaíonn sé sin dreasacht níos mó do thíortha na mBalcán Thiar dul i ngleic le hathchóirithe. Tá an chiall iarbhír atá le 'comhlíonadh sásúil' na gcoinníollacha, in Airteagal 21(2) doiléir, áfach. Tá an critéar chun 'scaoileadh iomlán nó páirteach cistí' a ghníomhachtú doiléir freisin[43]. Mar sin, **ba cheart don Choimisiún smaoineamh ar** threoraíocht inmheánach a fhorbairt maidir le measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh sásúil na gcoinníollacha íocaíochta a shainítear sna Cláir Oibre Athchóiriúcháin. Ba cheart go dtabharfaí aghaidh leis an treoraíocht ar aon chealú a d'fhéadfadh a bheith ar na coinníollacha a comhlíonadh roimhe sin.

**36** Ar deireadh, d'fhéadfadh an Coimisiún an tacaíocht atá le heisíoc a laghdú i gcásanna sainaitheanta, nó i gcás imní thromchúiseach a bhaineann le neamhrialtachtaí, calaois, éilliú agus coinbhleachtaí leasa nach bhfuil ceartaithe ag an tír is tairbhí[44]. Féadfaidh an Coimisiún an cinneadh sin a bhunú ar fhaisnéis ó OLAF freisin. Ní luaitear tuarascálacha ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa sa chomhthéacs sin, áfach. Mar sin, **ba cheart don Choimisiún agus do na reachtóirí smaoineamh** ar thuarascálacha ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa a lua go sainráite ag deireadh Airteagal 21(7).

## Réamh-mhaoiniú

**37** Tar éis na Cláir Oibre Athchóiriúcháin a bheith curtha isteach, féadfaidh tíortha na mBalcán Thiar íocaíocht réamh-mhaoinithe a iarraidh[45]. Faoi réir na gcoinníollacha sonracha atá leagtha amach in Airteagal 20, d'fhéadfadh sé go bhfaighidís réamh-mhaoiniú suas go dtí 7 % den tacaíocht iomlán atá ar fáil dóibh faoin tsaoráid. D'fhéadfadh sé sin seasamh do suas go dtí €390 milliún de réamh-mhaoiniú.

## Iasachtaí ar ardleibhéal lamháltais

**38** Leis an tsaoráid atá beartaithe, leithdháilfí €4 bhilliún in iasachtaí do thíortha na mBalcán Thiar. Dhéanfadh an Coimisiún na hiasachtaí a mhaoiniú trí na cistí is gá a fháil ar iasacht ar na margaí caipitil nó ó institiúidí airgeadais, agus an *straitéis chistiúcháin*

---

[42] Airteagal 21(8) agus aithrisí 19 agus 39 den togra.

[43] Airteagal 12(1) den togra.


[44] Airteagal 21(7) den togra.

[45] Airteagal 20 den togra.

*éagsúlaithe* a chuir an tAontas ar bun in 2022 a chur i bhfeidhm mar mhodh ginearálta iasachtaíochta[46]. Chuirfí na hiasachtaí ar fáil ar ardleibhéal lamháltais, le haisíoc na príomhshuime ag tosú in 2034 agus le haibíocht suas go dtí 40 bliain[47]. Ciallaíonn sé sin go mbeadh a n-aibíocht níos faide fiú ná na hiasachtaí 35 bliana a soláthraíodh don Úcráin in 2023[48].

**39** Tá sé tábhachtach a thabhairt ar aire gur méadú suntasach a bheadh sna hiasachtaí atá beartaithe faoin tsaoráid i gcomparáid leis na méideanna a tugadh ar iasacht do thíortha na mBalcán Thiar faoi CAInna roimhe seo. Tá comparáid i ***bhFíor 2*** idir iasachtaí roimhe seo agus na hiasachtaí atá beartaithe faoi láthair.

### Fíor 2 – Cúnamh macrairgeadais agus iasachtaí atá beartaithe faoin tSaoráid Athchóirithe agus Fáis le haghaidh na mBalcán Thiar




*Foinse:* CIE, bunaithe ar dhoiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin SWD(2023) 244 a ghabhann leis an Tuarascáil ón gCoimisiún maidir le cúnamh macrairgeadais do thríú tíortha a chur chun feidhme in 2022 (Iarscríbhinn I) agus bunaithe ar an togra maidir le Saoráid Athchóirithe agus Fáis le haghaidh na mBalcán Thiar a bhunú.

---

46 Féach freisin Tuairim 07/2022 uainn maidir leis an straitéis chistiúcháin éagsúlaithe.

47 Aithris 36 agus Airteagal 17 den togra.

48 Aithris 27 de Rialachán 2022/2463 lena mbunaítear ionstraim chun tacaíocht a thabhairt don Úcráin le haghaidh 2023 (cúnamh macrairgeadais +), 14.12.2022.

**40** De réir mar a cheanglaítear le hAirteagal 211(1) den Rialachán Airgeadais, ráthófaí na hiasachtaí atá beartaithe le soláthar a bheadh le híoc chuig ciste an Aontais don soláthar coiteann. In Airteagal 18(1) den togra, leagtar amach an ráta soláthair de 9 % de luach na hiasachta. Tá an méid sin ag comhfhreagairt don ráta soláthair caighdeánach atá leagtha síos in Airteagal 31(5) de Rialachán ICFCI do chúnamh macrairgeadais agus don ráta a cuireadh i bhfeidhm d'iasachtaí do thríú tíortha roimhe seo. D'íocfaí an soláthar ó chuid deontais na saoráide, agus is €360 milliún a bheadh sa mhéid iomlán (féach ***Fíor 1*** thuas). Le hAirteagal 18(1) den togra, cuirtear ar chumas an Choimisiúin an soláthar a fhorbairt de réir a chéile de réir mar a íoctar amach na hiasachtaí.

**41** I dtuairimí a d'eisíomar roimhe seo, cháineamar an Coimisiún mar gheall nár chuir sé soláthar ar bun le haghaidh iasachtaí don Úcráin agus leagamar béim ar na rioscaí a bhaineann le hiasachtaí a ráthú go díreach le buiséad an Aontais[49]. Mar sin, is díol sásaimh dúinn gur chinn an Coimisiún cur chuige caighdeánach a mholadh trí iasachtaí do thíortha na mBalcán Thiar a ráthú le soláthar 9 %.

**42** Le hAirteagal 18(2), ceanglaítear freisin ar an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar an ráta soláthair 'gach 3 bliana ar a laghad'. Chun é sin a dhéanamh, thabharfaí de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh (féach mír ***54***). Tá an mhinicíocht chun athbhreithniú a dhéanamh ar an ráta soláthair ailínithe leis na ceanglais atá leagtha síos in Airteagal 211(1) den Rialachán Airgeadais. Mar sin féin, ós rud é go bhfuil an tsaoráid ceaptha bheith oibríochtúil go dtí deireadh 2028, i gcleachtas dhéanfadh an Coimisiún athmheasúnú ar an ráta soláthair uair amháin i rith shaolré na saoráide.

## Creat Infheistíochta na mBalcán Thiar

**43** Chuirfí ar a laghad leath na gcistí ón tsaoráid (i.e. ar a laghad €3 bhilliún) ar fáil trí WBIF. Tá an creat sin ar bun ó 2009 i leith agus is éard atá ann ná 'comhardán airgeadais den Coimisiún Eorpach, eagraíochtaí airgeadais, Ballstáit den Aontas, agus an Iorua arb é is aidhm leis comhar a fheabhsú in infheistíochtaí san earnáil phoiblí agus phríobháideach le haghaidh forbairt shocheacnamaíoch an réigiúin agus rannchuidiú le comhtháthú na mBalcán Thiar san Aontas.'[50] Tá na tíortha is tairbhithe

[49] Tuairim 07/2022 maidir le straitéis chistiúcháin éagsúlaithe, go sonrach míreanna 15-17; agus Tuairim 03/2023 maidir le Saoráid na hÚcráine, míreanna 38-45 agus 76.

[50] Preasráiteas – Fógraíonn an Coimisiún Eorpach pacáiste infheistíochta breise de €680 milliún do na Balcáin Thiar faoin bPlean Infheistíochta Eacnamaíoch, 13.12.2023.

rannpháirteach san ardán mar bhreathnóirí. Tá an Coimisiún i bhfeighil ar rúnaíocht WBIF agus, faoi láthair, is iad seo a leanas na hinstitiúidí airgeadais idirnáisiúnta atá rannpháirteach ann:

(1) Banc Forbartha Chomhairle na hEorpa;

(2) An Banc Eorpach Athfhoirgníochta agus Forbartha (BEAF);

(3) An Banc Eorpach Infheistíochta (BEI) agus an Ciste Eorpach Infheistíochta;

(4) Grúpa an Bhainc Dhomhanda, lena n-áirítear an Chorparáid Airgeadais Idirnáisiúnta;

(5) *Kreditanstalt für Wiederaufbau* (banc forbartha sa Ghearmáin);

(6) *Agence Française de Développement* (gníomhaireacht forbartha sa Fhrainc).

**44** I gcomhréir le hAirteagal 6(5) den togra, d'áireofaí leis an gcistiú a chuirfí ar fáil trí WBIF gach deontas atá ar fáil faoin tsaoráid (thart ar €1.6 billiún) agus ar a laghad €1.4 billiún in iasachtaí (féach ***Fíor 1*** thuas). Sonraítear tuilleadh in Airteagal 19(1) go dtacódh an cistiú sin le 'hinfheistíochtaí bonneagair'. Chun an €3 bhilliún de chistiú atá beartaithe a chur i gcomhthéacs, is tábhachtach a thabhairt ar aire gur ranníoc an Coimisiún thart ar €2.94 billiún de dheontais IPA le WBIF le haghaidh infheistíochtaí bonneagair idir 2009 agus 2023 (ar íocadh €1.59 billiún de in 2021-2023 faoi IPA III).

**45** Is tábhachtach a thabhairt ar aire go bhforscaoilfí cistiú trí WBIF de réir a chéile de réir dhul chun cinn na dtíortha i dtaca leis na hathchóirithe atá leagtha amach sna Cláir Oibre Athchóiriúcháin[51]. Gach sé mhí, le gach cinneadh lena n-údaraítear forscaoileadh na gcistí (mar atá leagtha amach in Airteagal 21(3) den togra), chinnfeadh an Coimisiún freisin an sciar de na híocaíochtaí a chuirfí ar fáil trí WBIF nó trí bhuiséid náisiúnta thíortha na mBalcán Thiar.

## Caibidil IV – Cosaint leasanna airgeadais an Aontais

### Cearta iniúchóireachta na Cúirte Iniúchóirí

**46** Leagtar béim sa togra ar an ngá atá le sásraí iniúchóireachta agus rialaithe a neartú tuilleadh i dtíortha na mBalcán Thiar. Aithnítear go sainráite ann cearta iniúchóireachta Chúirt Iniúchóirí na hEorpa (ag eascairt ó Airteagail 285 agus 287 CFAE)

[51] Airteagal 19(5), 19(6) agus 19(7) den togra.

i dtaca le cistiú a chaitear faoin tsaoráid. Go sonrach, luaitear in Airteagal 9(4) den togra nach mór a áirithiú sa Chomhaontú Saoráide, sna comhaontuithe iasachta, agus i gcomhaontuithe le daoine nó eintitis a fhaigheann cistí '[go g]comhlíonfar na hoibleagáidí a leagtar amach in Airteagal 129 [den Rialachán Airgeadais, a mhéid a bhaineann le comhar a dhéanfar chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint]'. Bheadh tairbhe ag baint le tuilleadh soiléirithe i bhforálacha áirithe, áfach.

**Rochtain ar dhoiciméadacht faoin gComhaontú Saoráide**

**47** Ar an gcéad dul síos, forchuireann Airteagal 9 oibleagáid chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint tríd an gComhaontú Saoráide atá le tabhairt i gcrích le gach tír is tairbhí. Go sonrach, leagfar amach sa Chomhaontú Saoráide forálacha mionsonraithe a bhaineann le 'tiomantas an Tairbhí dul chun cinn a dhéanamh i dtreo córais rialaithe níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí (...)'[52] agus 'bainistiú, rialú, maoirseacht, faireachán, meastóireacht, tuairisciú agus iniúchadh a dhéanamh faoin tSaoráid, chomh maith le hathbhreithnithe córas, imscrúduithe, bearta frithchalaoise agus comhar'[53]. Mar a mhínítear i mír ***28***, áfach, bheadh Airteagal 9(5)(g) maidir le rochtain ar shonraí agus doiciméadacht níos soiléire dá luafaí Cúirt Iniúchóirí na hEorpa chomh maith leis an gCoimisiún agus OLAF. Mar sin, chun míthuiscintí a sheachaint maidir le cearta iniúchóireachta Chúirt Iniúchóirí na hEorpa, **ba cheart don Choimisiún agus na reachtóirí smaoineamh ar** Chúirt Iniúchóirí na hEorpa a ainmniú go sainráite in Airteagal 9(5)(g).

**Rochtain ar dhoiciméadacht faoi WBIF**

**48** Mar a luadh cheana, chuirfí ar a laghad leath den chistiú ón tsaoráid (lena n-áirítear deontais) ar fáil trí chomhchiste a bhunófaí faoi WBIF agus a bheadh á riar ag BEAF agus BEI. Chuirfí na suimeanna sin chun feidhme faoi *bhainistíocht indíreach* le hinstitiúidí airgeadais idirnáisiúnta, mar a leagtar síos in Airteagal 62(1)(c) den Rialachán Airgeadais. Le coinníollacha ginearálta an chomhchiste, tugtar cearta iniúchóireachta go sainráite do Chúirt Iniúchóirí na hEorpa, lena n-áirítear rochtain ar dhoiciméadacht agus an ceart chun cuairteanna ar an bhfód a dhéanamh de réir mar is gá[54]. Ní mór a thabhairt ar aire, áfach, gur chuir ceann de na sé institiúid airgeadais atá rannpháirteach i WBIF agus Grúpa an Bhainc Dhomhanda bac, roimhe seo, ar rochtain

---

[52] Airteagal 9(5)(a) den togra.

[53] Airteagal 9(5)(c) den togra.

[54] Coinníollacha ginearálta Comhchiste Eorpach na mBalcán Thiar, arna leasú go deireanach ar an 6.9.2023, pointe 5.11. Grinnscrúdú ón gCoimisiún, lch. 35.

ar dhoiciméadacht a bhí ag teastáil ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa chun a hobair iniúchóireachta a dhéanamh go cuí[55].

**Cearta Iniúchóireachta a bhaineann le comhaontuithe iasachta**

**49** Luaitear in Airteagal 22(2)(d) den togra nach mór go leagfar amach sa Chomhaontú Saoráide go bhfuil oibleagáid ar na tíortha is tairbhithe 'údarú sainráite a thabhairt don Choimisiún, do OLAF agus don Chúirt Iniúchóirí agus, i gcás inarb infheidhme, do OIPE, chun a gcearta a fheidhmiú.' Murab ionann agus Airteagal 9(4) den togra, áfach, lena bhforchuirtear oibleagáid leasanna airgeadais an Aontais a chosaint, ní dhéantar na comhaontuithe iasachta a lua go sainráite in Airteagal 22(2). Ar mhaithe le soiléire agus comhsheasmhacht, agus é mar aidhm leis sin aon mhíthuiscintí maidir le cearta iniúchóireachta Chúirt Iniúchóirí na hEorpa a sheachaint, **ba cheart don Choimisiún agus do na reachtóirí smaoineamh ar** thagairt a dhéanamh do na comhaontuithe iasachta in éineacht leis an gComhaontú Saoráide in Airteagal 22(2).

## Córais rialaithe inmheánaigh náisiúnta agus Údaráis Iniúchóireachta Náisiúnta

**50** I gcás na n-iasachtaí a íoctar do díreach leis na buiséid náisiúnta, bheadh an Coimisiún ag brath ar chórais rialaithe inmheánaigh thíortha na mBalcán Thiar atá ann cheana féin[56]. Tá an cur chuige sin i gcomhréir le IPA III, faoina gcuirtear sciar de chistí an Aontais chun feidhme faoi *bhainistíocht indíreach* (seachas don Bhosnia agus an Heirseagaivéin agus don Chosaiv) le leagan amach institiúideach a shainítear i gComhaontuithe Comhpháirtíochta an Chreata Airgeadais a thugtar i gcrích leis na tíortha[57]. Sa Rialachán atá beartaithe, deirtear go bhfuil ar na heintitis náisiúnta, 'idirphlé rialta' a bheith acu 'le Cúirt Iniúchóirí na hEorpa, le OLAF agus, i gcás inarb iomchuí, le OIPE'[58].

**51** Is díol sásaimh dúinn gur chinn an Coimisiún struchtúr institiúideach seanbhunaithe a roghnú. Cuireadh in iúl sna tuarascálacha is déanaí maidir le méadú ó Shamhain 2023, áfach, maidir le hullmhacht thíortha na mBalcán Thiar i réimse na

[55] Tuarascáil bhliantúil 2018 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa, 8.10.2019, Bosca 6, lch. 285.

[56] Airteagal 23(1) den togra.

[57] Féach mar shampla an Comhaontú Comhpháirtíochta maidir le Creat Airgeadais idir an Coimisiún Eorpach agus Poblacht na hAlbáine, go háirithe Airteagail 10, 11 agus 50.

[58] Airteagal 23(3) den togra.

bainistíochta airgeadais, go raibh éagsúlacht ann ó 'leibhéal áirithe ullmhachta' go 'réasúnta ullmhaithe' (féach ***Iarscríbhinn V***). Ní léir ach oiread cé na heintitis go díreach atá i gceist leis an téarma *Údaráis Iniúchóireachta Náisiúnta* in Airteagal 23. Chuir an Coimisiún in iúl dúinn go mbaineann an fhoráil sin leis an Oifig (Seirbhís) Náisiúnta/Stáit atá i gceannas ar iniúchóireacht a dhéanamh ar na buiséid náisiúnta. Ní bhaineann an fhoráil sin le hÚdaráis Iniúchóireachta IPA a cuireadh ar bun le chun cistí IPA a bhainistiú go hindíreach.

**52** Is tábhachtach a chur in iúl go bhfuil an tsaoráid ceaptha córais iniúchóireachta agus rialaithe thíortha na mBalcán Thiar a atreisiú. Luaitear in Airteagal 23(1) '[go dtabharfar] tosaíocht sna Cláir Oibre Athchóiriúcháin sna chéad bhlianta dá gcur chun feidhme d'athchóirithe a bhaineann le caibidil idirbheartaíochta 32, go háirithe maidir le bainistíocht airgeadais phoiblí agus rialú inmheánach (...)', chomh maith le bearta eile amhail an comhrac i gcoinne na calaoise, an éillithe agus na coiriúlachta eagraithe. Bheadh an togra níos soiléire fiú, áfach, dá luafaí na tosaíochtaí sin go soiléir in Airteagal 13 maidir le hábhar na gClár Oibre Athchóiriúcháin (féach míreanna ***30***-***36***). Mar sin, **ba cheart don Choimisiún agus do na reachtóirí smaoineamh ar** thagairt a dhéanamh do na tosaíochtaí sin in Airteagal 13(1) den togra.

## Caibidil V – Faireachán, tuairisciú agus meastóireacht

**53** Le hAirteagal 24 den togra, ceanglaítear ar an gCoimisiún faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na saoráide agus tuarascálacha bliantúla a ullmhú maidir leis an méid atá bainte amach. Sonraítear freisin sa togra nach mór go mbeadh na táscairí a úsáidtear chun faireachán a dhéanamh ar an tsaoráid 'comhsheasmhach a mhéid is féidir freisin, leis na príomhtháscairí corparáideacha a áirítear i gCreat Torthaí na hIonstraime um Chúnamh Réamhaontachais (IPA III)'[59]. Is díol sásaimh dúinn an cur chuige sin ós rud é go bhfuil buntáiste ag baint le táscairí a úsáid atá comhsheasmhach leo sin a shainítear i Rialachán IPA III tríd an tsaoráid a ailíniú le cúnamh réamhaontachais eile. Bheifí in ann freisin na torthaí a chomhiomlánú agus faireachán a éascú ar an dul chun cinn i dtreo cuspóirí na saoráide a baint amach. Ina theannta sin, ceanglaítear ar an gCoimisiún le hAirteagal 25 den togra meastóireacht *ex post* a dhéanamh ar an tsaoráid idir 2028 agus 2031.

[59] Airteagal 13(2) den togra.

## Caibidil VI – Forálacha críochnaitheacha

**54** Le hAirteagal 26, tugtar cumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun an ráta soláthair le haghaidh iasachtaí a leasú, dé réir mar a bheartaítear faoi Airteagal 18(3) den togra. Mar a luaitear i mír ***42***, dhéanfadh an Coimisiún an ráta soláthair a athmheasúnú uair amháin le linn shaolré na saoráide.

## Ráiteas Airgeadais Reachtach

**55** Leis an ráiteas airgeadais reachtach, tá méadú beartaithe ar acmhainní riaracháin agus daonna don tsaoráid. Léiríonn sé sin go mbeadh thart ar €34 mhilliún ar an iomlán i gceist leis na costais riaracháin do thréimhse 2024-2027[60]. Bheadh €4 020 000 den méid sin ar na leabhair faoi Cheannteideal 7 de CAI – 'An riarachán poiblí Eorpach'.

**56** Meastar gur 24 dhuine i gcoibhéis lánaimseartha a bheidh ag teastáil ón gCoimisiún ó thaobh acmhainní daonna de. Áirítear leis sin seisear oifigeach agus pearsanra sealadach, agus 18 bpost, ar foireann ar conradh is mo a bheadh iontu. As an 24 sin, chuirfí naonúr amach chuig toscaireachtaí AE chuig tíortha na mBalcán Thiar.

---

[60] Ráiteas airgeadais reachtach, lch. 48.

# Focal scoir

**57** Ceann de na ceanglais le haghaidh aontachas leis an Aontas is ea geilleagar margaidh feidhmiúil a bheith ann. Mar sin féin, meastar le blianta fada anuas nach bhfuil cóineasú eacnamaíochta na mBalcán Thiar leis an Aontas leordhóthanach. Mhol an Coimisiún an tSaoráid Athchóirithe agus Fáis le haghaidh na mBalcán Thiar a bhunú chun borradh a chur faoina bhfás eacnamaíoch agus cóineasú a mhéadú i dtreo an mheánleibhéil ioncam i mBallstáit an Aontais. Leis an tsaoráid atá beartaithe, chuirfí suas le €6 bhilliún de thacaíocht ar fáil, le €2 bhilliún de thacaíocht neamh-inaisíoctha agus €4 bhilliún in iasachtaí. Seasann na méideanna do mhéadú suntasach – osr cionn 40 %, de réir meastacháin – ar an gcistiú atá beartaithe do thíortha na mBalcán Thiar thar tréimhse mhaoiniúcháin 2021-2027. I bhfianaise go bhfuil roinnt cuspóirí den tsaoráid atá beartaithe comhchosúil leo sin faoi IPA III, tá sé riachtanach go dtabharfaidh an Coimisiún aird ar leith ar chomhordú an chúnaimh. Tá sé beartaithe sa togra go rathófar iasachtaí le soláthar atá socraithe ag 9 %. Is é sin an ráta soláthair caighdéanach le haghaidh iasachtaí le tríú tíortha chun buiséad an Aontais a chosaint ar chaillteanais a d'fhéadfadh tarlú.

**58** Tugtar coinníollacht níos treise isteach leis an togra le haghaigh cistiú faoin tsaoráid trí íocaíochtaí a nascadh le comhlíonadh na gcoinníollacha atá le leagan síos sna Cláir Oibre Athchóiriúcháin. Fágann an togra gur iomaí gné atá fós le sainiú mar chuid de chomhaontuithe iardain, áfach, agus ní thabharfar na comhaontuithe sin i gcrích go dtí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin lena mbunaítear an tsaoráid. Go sonrach, ní mór go saineofar go soiléir sna Cláir Oibre Athchóiriúcháin atá le tíolacadh ag rialtais na mBalcán Thiar cad iad na coinníollacha atá ann d'eisíoc na tacaíochta.

**59** Bheadh an Coimisiún ag brath ar chreat seanbhunaithe le haghaidh comhar le tíortha na mBalcán Thiar. Chuirfí ar a laghad leath na gcistí ón tsaoráid (lena n-áirítear deontais) ar fáil trí WBIF – ardán infheistíochta atá ar bun ó 2009. Maidir leis an cistí a chuirtear ar fáil trí na buiséid náisiúnta, bheadh an Coimisiún ag brath go príomha ar chórais rialaithe inmheánaigh na dtíortha is tairbhithe chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint. Tá acmhainneacht riaracháin íseal ag údaráis cuid de na tíortha, áfach. Mar sin, tá sé tábhachtach go dtabharfar tosaíocht leis an tsaoráid d'athchóirithe i réimse an rialaithe airgeadais i mblianta luaithe an chur chun feidhme.

**60** Mar thoradh ar ár n-athbhreithniú ar an togra reachtach, molaimid don **Choimisiún agus do na reachtóirí smaoineamh ar an méid seo a leanas a dhéanamh**:

— na nósanna imeachta a shoiléiriú maidir le cistí a choinneáil siar má sháraíonn tír is tairbhí réamhchoinníoll le haghaidh cistithe (féach mír ***19***);

— a chur ar chumas an Choimisiúin a cheangal ar rialtais na mBalcán Thiar na Cláir Oibre Athchóiriúcháin a athbhreithniú agus/nó a mhodhnú (féach mír ***31***);

— treoraíocht inmheánach a fhorbairt maidir le measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh sásúil na gcoinníollacha íocaíochta a shainítear sna Cláir Oibre Athchóiriúcháin (féach mír ***35***);

— tuarascálacha ón gCúirt Iniúchóirí a lua go sainráite i measc na ndoiciméad a d'fhéadfadh a bheith mar bhonn le haghaidh cinneadh ón gCoimisiún chun tacaíocht a laghdú (féach mír ***36***);


— cearta na Cúirte Iniúchóirí chun rochtain a fháil ar shonraí agus doiciméadacht faoin gComhaontú Saoráide a shoiléiriú chun iad a ailíniú leis na cearta sin atá ag an gCoimisiún agus ag OLAF (féach mír ***47***);

— comhaontuithe iasachta a lua go sainráite in Airteagal 22 maidir le leasanna airgeadais an Aontais a chosaint (féach mír ***49***);

— athchóirithe ar tosaíochtaí iad i réimse an rialaithe airgeadais a lua in Airteagal 13 den togra, lena rialaítear ábhar na gClár Oibre Athchóiriúcháin (féach ***52***).

Ghlac Seomra III, faoi cheannas Bettina Jakobsen, Comhalta den Chúirt Iniúchóirí, an tuairim seo i Lucsamburg ag cruinniú a bhí aige an 30 Eanáir 2024.

*Thar ceann na Cúirte Iniúchóirí*



Tony Murphy
*Uachtarán*

# Iarscríbhinní

## Iarscríbhinn I – Tuarascálacha agus Tuairimí CIE roimhe seo a cuireadh san áireamh don tuairim seo

### Tuarascálacha speisialta a bhaineann le tíortha réamhaontachais agus próiseas méadaithe an Aontais

| | |
|---|---|
| Tuarascáil speisialta 01/2022 | **Tacaíocht AE don smacht reachta sna Balcáin Thiar**<br>Tá fadhbanna bunúsacha fós ann in ainneoin na n-iarrachtaí atá déanta |
| Tuarascáil speisialta 27/2018 | **An tSaoráid do Dhídeanaithe sa Tuirc**<br>Tacaíocht chabhrach, ach feabhsuithe ag teastáil chun luach níos fearr ar airgead a chur ar fáil |
| Tuarascáil speisialta 07/2018 | **Cúnamh Réamhaontachais ón Aontas don Tuirc**<br>Níl ann ach torthaí teoranta go dtí seo |
| Tuarascáil speisialta 21/2016 | **Cúnamh réamhaontachais ón Aontas Eorpach chun cumas riaracháin a neartú sna Balcáin Thiar**<br>Meitea-iniúchadh |
| Tuarascáil speisialta 20/2016 | **Cumas riaracháin a neartú i Montainéagró**<br>Dul chun cinn déanta ach torthaí feabhsaithe de dhíth in go leor príomhréimsí |
| Tuarascáil speisialta 11/2016 | **An cumas riaracháin a neartú in iar-Phoblacht Iúgslavach na Macadóine**<br>Dul chun cinn teoranta i gcomhthéacs deacair |
| Tuarascáil speisialta 19/2014 | **Cúnamh réamhaontachais ón Aontas Eorpach don tSeirbia** |
| Tuarascáil speisialta 18/2012 | **Cúnamh ón Aontas Eorpach don Chosaiv a bhaineann leis an smacht reachta** |
| Tuarascáil speisialta 14/2011 | **An bhfuil cúnamh ón Aontas Eorpach tar éis feabhas a chur ar chumas na Cróite bainistiú a dhéanamh ar chistiú iar-aontachais?** |

### Foilseacháin ón gCúirt Iniúchóirí maidir le hiasachtaí le tríú tíortha

| | |
|---|---|
| Tuairim 03/2023 | **Tuairim i ndáil leis an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a bhaineann le Saoráid na hÚcráine a bhunú [2023/0200 (COD)]** |
| Tuarascáil bhliantúil 2022 | **Tuarascálacha bliantúla maidir le bliain airgeadais 2022** |
| Tuarascáil speisialta 05/2023 | **Mór-réimse airgeadais an Aontais**<br>Struchtúr manglaim a bhfuil tuilleadh simplithe agus cuntasachta ag teastáil ina leith |
| Tuairim 07/2022 | **Tuairim i dtaca leis an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 a mhéid a bhaineann le straitéis cistiúcháin éagsúlaithe a bhunú mar mhodh ginearálta iasachtaíochta [2022/0370 (COD)]** |

# Iarscríbhinn II – Comparáid idir cuspóirí an togra agus Rialachán IPA III

| Cuspóirí an togra | Cuspóirí Rialachán IPA III |
|---|---|
| ***I. Cuspóirí ginearálta** (de réir Airteagal 3(1) den togra)* | ***I. Cuspóirí ginearálta IPA III** (de réir Airteagal 3(1) de Rialachán IPA)* |
| Beidh na cuspóirí ginearálta seo a leanas ag an tSaoráid:<br>(a) dlús a chur le comhtháthú eacnamaíoch réigiúnach agus le comhtháthú forásach le margadh aonair an Aontais;<br>(b) dlús a chur le cóineasú socheacnamaíoch gheilleagair na dTairbhithe leis an Aontas;<br>(c) dlús a chur le hailíniú le luachanna, dlíthe, rialacha, caighdeáin, beartais agus cleachtais an Aontais d'fhonn ballraíocht a ghlacadh san Aontas | Is é is cuspóir ginearálta IPA III tacú leis na tairbhithe a liostaítear in Iarscríbhinn I i nglacadh agus i gcur chun feidhme na n-athchóirithe polaitiúla, institiúideacha, dlí, riaracháin, sóisialta agus eacnamaíocha a theastaíonn ó na tairbhithe sin chun cloí le luachanna an Aontais agus chun iad féin a chur i gcomhréir de réir a chéile le rialacha, caighdeáin, beartais agus cleachtais an Aontais ("acquis") d'fhonn ballraíocht a ghlacadh amach anseo san Aontas agus, trína bhíthin sin, rannchuidiú leis an gcobhsaíocht fhrithpháirteach, leis an tslándáil fhrithpháirteach, leis an tsíocháin fhrithpháirteach agus leis an rathúnas frithpháirteach. |
| ***II. Cuspóirí sonracha** (Airteagal 3(2) den togra)* | ***II. Cuspóirí sonracha** (Airteagal 3(2) de Rialachán IPA)* |
| (a) dlús a chur le haistriú na dTairbhithe chuig geilleagair inbhuanaithe chuimsitheacha a bheidh in ann brú margaidh iomaíoch mhargadh aonair an Aontais a sheasamh, agus chuig timpeallacht chobhsaí infheistíochta; | (a) an smacht reachta, an daonlathas, urramú chearta an duine agus saoirsí bunúsacha a neartú, lena n-áirítear trí bhreithiúnacht neamhspleách a chur chun cinn, slándáil treisithe agus an comhrac in aghaidh an éillithe agus na coireachta eagraithe, comhlíonadh an dlí idirnáisiúnta, saoirse na meán agus saoirse acadúil agus timpeallacht chumasúcháin don tsochaí shibhialta, neamh-idirdhealú agus an chaoinfhulaingt a chur chun cinn, urraim do na cearta atá ag daoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad agus cur chun cinn[,] comhionannais inscne a áirithiú agus bainistiú imirce a fheabhsú, lena n-áirítear bainistiú teorann agus dul i ngleic leis an imirce neamhrialta, agus aghaidh a thabhairt ar an easáitiú éigeantach; |
| (b) borradh a chur faoin gcomhtháthú eacnamaíoch réigiúnach go háirithe trí dhul chun cinn i mbunú an Chómhargaidh Réigiúnaigh; | (b) éifeachtacht an riaracháin phoiblí a threisiú agus tacú le trédhearcacht, le hathchóirithe struchtúracha agus le dea-rialachas ar gach leibhéal, lena n-áirítear i réimse an tsoláthair phoiblí agus i réimse na Státchabhrach; |
| (c) borradh a chur faoi chomhtháthú eacnamaíoch na dTairbhithe le margadh aonair an Aontais; | (c) rialacha, caighdeáin, beartais agus cleachtais na dtairbhithe a liostaítear in Iarscríbhinn I a mhúnlú i gcomhréir leo siúd de chuid an Aontais agus comhar réigiúnach, an t-athmhuintearas agus dea-chaidreamh comharsanachta a threisiú, chomh maith le teagmhálacha idir daoine agus an chumarsáid straitéiseach; |
| (d) tacú le comhtháthú eacnamaíoch réigiúnach agus comhtháthú feabhsaithe le margadh aonair an Aontais trí nascacht fheabhsaithe sa réigiún i gcomhréir le Gréasáin Thras-Eorpacha; | (d) forbairt eacnamaíoch agus shóisialta agus comhtháthú a neartú, agus aird ar leith á tabhairt ar an óige, lena n-áirítear trí bheartais oideachais agus fostaíochta ar ardchaighdeán, trí thacú le hinfheistíocht agus le forbairt na hearnála príobháidí, agus béim á leagan ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna), agus ar thalmhaíocht agus forbairt tuaithe; |


| Cuspóirí an togra |
| --- |
| (e) dlús a chur leis an aistriú glas i gcomhréir le Clár Oibre Glas 2020 le haghaidh na mBalcán Thiar agus gach earnáil eacnamaíoch a chumhdach, go háirithe earnáil an fhuinnimh, lena n-áirítear an t-aistriú chuig geilleagar atá dícharbónaithe, aeráidneodrach, athléimneach ó thaobh na haeráide de agus ciorclach; |
| (f) an claochlú digiteach a chur chun cinn mar chumasóir don fhorbairt inbhuanaithe agus don fhás cuimsitheach; |
| (g) borradh a chur faoin nuálaíocht, go háirithe le haghaidh FBManna agus chun tacú leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach; |
| (h) borradh a chur faoi bheartais ardcháilíochta oideachais, oiliúna, athscilithe agus uas-scilithe, agus fostaíochta; |
| (i) bunphrionsabail phróiseas an mhéadaithe, lena n-áirítear an smacht reachta, an daonlathas, urramú chearta an duine agus saoirsí bunúsacha, a neartú a thuilleadh, trí bhreithiúnacht neamhspleách agus slándáil atreisithe a chur chun cinn, chomh maith leis an gcomhrac i gcoinne na calaoise, an éillithe, na coireachta eagraithe, an sciúrtha airgid agus mhaoiniú na sceimhlitheoireachta, na himghabhála cánach agus na calaoise cánach; comhlíonadh an dlí idirnáisiúnta; saoirse na meán agus saoirse acadúil agus timpeallacht chumasúcháin don tsochaí shibhialta a neartú; idirphlé sóisialta a chothú; comhionannas inscne, neamh-idirdhealú agus caoinfhulaingt a chur chun cinn, chun urraim do chearta na mionlach a áirithiú agus a neartú; |
| (j) éifeachtacht an riaracháin phoiblí a threisiú agus tacú le trédhearcacht, le hathchóirithe struchtúracha agus le dea-rialachas ar gach leibhéal, lena n-áirítear i réimsí na bainistíochta airgeadais poiblí agus an tsoláthair phoiblí agus an rialaithe státchabhrach; tacú le tionscnaimh agus comhlachtaí a bhfuil baint acu le tacú leis an gceartas idirnáisiúnta i gcríocha Thairbhithe na mBalcán Thiar agus leis an gceartas sin a fhorfheidhmiú. |

| Cuspóirí Rialachán IPA III |
| --- |
| (e) cosaint an chomhshaoil a threisiú, an athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide a mhéadú, dlús a chur leis an athrú i dtreo geilleagar ísealcharbóin, an geilleagar digiteach agus an tsochaí dhigiteach a fhorbairt, agus idirnascacht inbhuanaithe a neartú ina gnéithe ar fad; |
| (f) tacú leis an gcomhtháthú críochach agus leis an gcomhar trasteorann thar theorainneacha talún agus muirí, lena n-áirítear comhar trasnáisiúnta agus idir-réigiúnach. |

*Nóta:* Léiríonn na dathanna comhfhreagracha cuspóirí comhchosúla.

*Foinse:* CIE, bunaithe ar Rialachán IPA III agus an togra.

# Iarscríbhinn III – Comhaontuithe atá le tabhairt i gcrích tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin lena mbunaítear Saoráid Athchóirithe agus Fáis le haghaidh na mBalcán Thiar




*Foinse:* CIE, bunaithe ar an togra reachtach maidir leis an tSaoráid Athchóirithe agus Fáis le haghaidh na mBalcán Thiar a bhunú.

# Iarscríbhinn IV – Maoluithe ar an Rialachán Airgeadais agus Rialachán ICFCI

**Maoluithe ó Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 (an Rialachán Airgeadais)**

| **Togra le haghaidh 'Rialachán lena mbunaítear Saoráid Athchóirithe agus Fáis le haghaidh na mBalcán Thiar'** | | **'An Rialachán Airgeadais' Teideal an Airteagail** |
|---|---|---|
| **An t-airteagal ina n-úsáidtear maolú** | **Cuspóir an mhaolaithe** | |
| Airteagal 10(1) | Déanfar leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus faoi chomhair íocaíochtaí nár úsáideadh a thabhairt anonn agus féadfar iad a ghealladh agus a úsáid, faoi seach, suas go dtí 31 Nollaig sa bhliain airgeadais dar gcionn. Úsáidfear an méid a thugtar anonn ar dtús sa bhliain airgeadais dar gcionn. | Airteagal 12(4)<br>**Leithreasuithe a chur ar ceal agus a thabhairt anonn** |
| Airteagal 10(3) | Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas a chomhfhreagraíonn do mhéid atá saortha ó ghealltanas de bharr gníomhaíocht faoin tSaoráid gan a bheith curtha chun feidhme go hiomlán nó go páirteach, cuirfear ar fáil iad arís faoin líne bhuiséid chéanna. | Airteagal 15<br>**Leithreasuithe a chomhfhreagraíonn do ghealltanais saortha a chur ar fáil arís** |
| Airteagal 17(2)<br>Aithris (36) | Féadfar an eisíoc na hiasachta a chur chun feidhme trí WBIF thar ceann an Tairbhí. Aistreofar na méideanna aisghafa chuig an Tairbhí. | Airteagal 220(4)<br>**Cúnamh airgeadais – Rialacha agus cur chun feidhme** |
| Airteagal 17(3) | Beidh méid an réamh-mhaoinithe agus na rialacha maidir le himréiteach an réamh-mhaoinithe sa chomhaontú iasachta. | Airteagal 220(5)<br>**Cúnamh airgeadais – Rialacha agus cur chun feidhme** |

| Togra le haghaidh 'Rialachán lena mbunaítear Saoráid Athchóirithe agus Fáis le haghaidh na mBalcán Thiar' | | 'An Rialachán Airgeadais'<br>Teideal an Airteagail |
|---|---|---|
| **An t-airteagal ina n-úsáidtear maolú** | **Cuspóir an mhaolaithe** | |
| Airteagal 18(1) | Déanfar gealltanais bhuiséadacha le haghaidh an tsoláthair faoin 31 Nollaig 2027. Déanfar an soláthar a íoc de réir a chéile agus a bhunú go hiomlán ar a dhéanaí nuair a eisíocfar na hiasachtaí ina n-iomláine. | Airteagal 211(2), an dara fomhír, an abairt dheireanach.<br>**Soláthar dliteanas airgeadais** |
| Airteagal 21(9)<br>Aithris (42) | Maidir leis an gcuid de chistiú na Saoráide a íoctar mar chúnamh airgeadais agus a chuirtear ar fáil go díreach do bhuiséid náisiúnta na dTairbhithe, tosóidh spriocanna don íocaíocht ón dáta a chuirtear teachtaireacht ar aghaidh maidir leis an gcinneadh lena n-údaraítear an eisíocaíocht leis an Tairbhí de bhun mhír 4 den Airteagal seo. | Airteagal 116(2)<br>**Teorainneacha ama le haghaidh íocaíochta** |
| Airteagal 21(10)<br>Aithris (42) | I gcás íocaíochtaí a dhéantar mar chúnamh airgeadais, a chuirtear ar fáil go díreach do bhuiséid náisiúnta na dTairbhithe de bhun an Airteagail seo agus Airteagail 22 den Rialachán seo, is cuí go ndéanfaí íoc an úis mainneachtana ón gCoimisiún leis an Tairbhí a eisiamh. | Airteagal 116(5)<br>**Teorainneacha ama le haghaidh íocaíochta** |

**Maoluithe ó Rialachán (AE) 2021/947 lena mbunaítear an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta – An Eoraip Dhomhanda (ICFCI).**

| Togra le haghaidh 'Rialachán lena mbunaítear Saoráid Athchóirithe agus Fáis le haghaidh na mBalcán Thiar' | | Rialachán ICFCI<br>Teideal an Airteagail |
|---|---|---|
| **An t-airteagal ina n-úsáidtear maolú** | **Cuspóir an mhaolaithe** | |
| Airteagal 6(3)<br>Aithris (19) | Ní bheidh an tacaíocht a thugtar do na Tairbhithe i bhfoirm iasachtaí mar chuid den mhéid den Ráthaíocht do Ghníomhaíochtaí Seachtracha de réir bhrí Airteagail 31(4) de Rialachán (AE) 2021/947. | Airteagal 31(3), an dara habairt, agus Airteagal 31(4)<br>**CEFI+, an Ráthaíocht do Ghníomhaíochtaí Seachtracha, ráthaíochtaí buiséadacha agus cúnamh airgeadais do thríú tíortha – Raon feidhme agus maoiniú** |

*Foinse:* CIE, bunaithe ar an togra reachtach maidir leis an tSaoráid Athchóirithe agus Fáis le haghaidh na mBalcán Thiar a bhunú.

## Iarscríbhinn V – Forléargas ar ullmhacht thíortha na mBalcán Thiar i réimse an rialaithe airgeadais

| Tuarascáil 2023 maidir le méadú | Caibidil 32 – Rialú airgeadais |
|---|---|
| **An Albáin**<br>SWD(2023) 690 | ‘Tá an Albáin **réasúnta ullmhaithe** i réimse an rialaithe airgeadais. Rinneadh **dul chun cinn áirithe** le linn na tréimhse tuairiscithe a mhéid a bhaineann le nuashonruithe ar an gcreat dlíthiúil maidir le rialú inmheánach agus iniúchóireacht inmheánach’. (leathanach 72) |
| **An Bhoisnia agus an Heirseagaivéin**<br>SWD(2023) 691 | ‘Tá **leibhéil áirithe ullmhachta** ag an mBoisnia agus an Heirseagaivéin sa réimse seo. Rinneadh **dul chun cinn áirithe**, go háirithe i dtaca leis na straitéisí maidir le rialú airgeadais inmheánach poiblí (PIFC) a chur chun feidhme ar leibhéal an stáit sa dá eintiteas, agus táirgeadh tuarascálacha comhdhlúite, feabhsaíodh na hacmhainneachtaí le haghaidh tuairisciú ar líne, agus cuireadh oiliúint níos fearr ar na státseirbhísigh atá i gceannas ar PIFC’. (leathanach 77) |
| **An Chosaiv**<br>SWD(2023) 692 | ‘Tá **leibhéil áirithe ullmhachta** sa réimse seo. Rinne an Chosaiv **dul chun cinn teoranta** le linn na tréimhse tuairiscithe trí straitéis PFM 2022-2026 nua a ghlacadh, chomh maith leis an bplean gníomhaíochta a ghabhann leis’. (leathanach 75) |
| **An Mhacadóin Thuaidh**<br>SWD(2023) 693 | ‘Tá an tír **réasúnta ullmhaithe** i réimse an rialaithe airgeadais. Áiríodh leis an **dul cun cinn áirithe** a rinneadh an Líonra Seirbhíse comhordúcháin frith-chalaoise a chur ar bun, an dlí nua maidir leis an mbuiséad orgánach agus an dlí maidir le cigireacht a ghlacadh, agus Meabhrán Tuisceana idir an Pharlaimint agus an Oifig Iniúchóireachta Stáit a shíniú chun obair leantach ar thuarascálacha iniúchóireachta aonair a neartú’. (leathanach 71) |
| **Montainéagró**<br>SWD(2023) 694 | ‘Tá Montainéagró **réasúnta ullmhaithe** i réimse an rialaithe airgeadais. Ar an iomlán rinneadh **dul chun cinn teoranta** ó thaobh moltaí na bliana seo caite a chur chun feidhme. Glacadh clár athchóirithe nua maidir le bainistíocht airgeadais poiblí i Nollaig 2022, rud a chiallaíonn go bhfuil creat straitéiseach le haghaidh rialú airgeadais inmheánach poiblí ar bun anois, a bheag nó a mhór’. (leathanach 81) |
| **An tSeirbia**<br>SWD(2023) 695 | ‘Tá an tSeirbia **réasúnta ullmhaithe** i réimse an rialaithe airgeadais. Rinneadh **dul chun cinn teoranta** le linn na tréimhse tuairiscithe, go háirithe i dtaca le cur chun cinn leanúnach an rialaithe airgeadais inmheánaigh phoiblí (PIFC)’. (leathanach 89) |

CÓIPCHEART

© An tAontas Eorpach, 2024

Is i gCinneadh Uimh. 6-2019 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa maidir leis an mbeartas sonraí oscailte agus athúsáid doiciméad a leagtar amach an beartas athúsáide atá ag Cúirt Iniúchóirí na hEorpa.

Mura léirítear a mhalairt (e.g. i bhfógraí cóipchirt aonair), déantar ábhar na Cúirte Iniúchóirí atá faoi úinéireacht an Aontais a cheadúnú faoi cheadúnas *Creative Commons* – Sannadh 4.0 Idirnáisiúnta (CC BY 4.0). Mar riail ghinearálta, dá bhrí sin, ceadaítear athúsáid ar choinníoll go dtugtar aitheantas cuí agus go léirítear aon athruithe. Ní fhéadfaidh aon duine atá ag baint athúsáid as ábhar na Cúirte Iniúchóirí an bhunbhrí ná an teachtaireacht a shaobhadh. Ní bheidh an Chúirt Iniúchóirí faoi dhliteanas i leith aon iarmhairt a bhaineann le hathúsáid.

Caithfear cead breise a fháil má léirítear daoine príobháideacha inaitheanta in ábhar ar leith, e.g. i bpictiúir d'fhoireann na Cúirte nó má tá oibreacha tríú páirtí san áireamh.

I gcás ina bhfaightear an cead sin, déanfaidh sé an cead ginearálta thuasluaite a chur ar ceal agus tiocfaidh sé ina ionad, agus cuirfear in iúl go soiléir sa chead nua má tá aon srianta ag gabháil leis an úsáid.

D'fhéadfadh sé gur gá cead a lorg go díreach ó shealbhóirí an chóipchirt chun ábhar nach leis an Aontas Eorpach a úsáid nó a atáirgeadh.

Maidir le bogearraí nó doiciméid atá cumhdaithe ag cearta maoine tionsclaíche, amhail paitinní, trádmharcanna, dearaí cláraithe, lógónna agus ainmneacha, tá siad eisiata ó bheartas athúsáide na Cúirte Iniúchóirí.

Tá naisc chuig suíomhanna gréasáin tríú páirtí le fáil ar shuíomhanna gréasáin an Aontais Eorpaigh, laistigh den fhearann europa.eu. Ós rud é nach bhfuil aon smacht ag an gCúirt orthu sin, moltar duit a mbeartais phríobháideachais agus chóipchirt a léamh go cúramach.

**Úsáid lógó CIE**

Ní fhéadtar lógó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa a úsáid gan toiliú a fháil ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa roimh ré.


| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| HTML | ISBN-978-92-849-1635-1 | ISSN 2529-3370 | doi:10.2865/454607 | QJ-AB-24-003-GA-Q |
| PDF | ISBN 978-92-849-1625-2 | ISSN 2529-3370 | doi:10.2865/550951 | QJ-AB-24-003-GA-N |